Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10604 — OXFORD PROPERTIES / PINEBRIDGE BENSON ELLIOT / SIGMA)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 54/05)

1. An 21 Eanáir 2022 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Oxford Six Limited, atá ina chuid den Oxford Properties Group ("Oxford Properties", Ceanada),

— PineBridge Benson Elliot LLP ("PBBE", an Ríocht Aontaithe),

— Sigma Capital Group Limited ("Sigma", an Ríocht Aontaithe).

Gheobhaidh Oxford Properties agus PBBE rialú comhpháirteach ar Sigma de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin conartha nó aon mhodh eile.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— i gcás Oxford Properties: úinéireacht, forbairt agus bainistiú sócmhainní réadmhaoine. Is é Oxford Properties brainse réadmhaoine OMERS Administration Corporation ("OMERS"), riarthóir Phríomhphlean Pinsin Chóras Scoir Fostaithe Bardasacha Ontario agus iontaobhaí na gcistí pinsin.

— i gcás PBBE: bainisteoir ciste. Is faoi rialú PineBridge Investments, L.P., ("PineBridge") amháin, ar bainisteoir príobháideach sócmhainní é, atá PBBE.

— i gcás Sigma: speisialtóir ar an bhforbairt chónaitheach agus ar athghiniúint uirbeach atá bunaithe sa Ríocht Aontaithe.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10604 — OXFORD PROPERTIES / PINEBRIDGE BENSON ELLIOT / SIGMA

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË